

## Sonraí agus seans: Sonraí – Moltaí don timpeallacht foghlama

### SMAOINTE DON SEOMRA RANGA

- Spreag na páistí chun ciall a bhaint as sonraí trí 'chomhráite sonraí' a éascú. Is éard atá i gceist leis sin ná léirithe sonraí éagsúla a chur i láthair do pháistí chun comhrá oscailte agus réamhchomhrá a chur chun cinn. Iarr ar na páistí maidir leis an méid a thugann siad faoi deara agus cad a bhfuil siad fiosrach faoi, ag baint úsáid as sonraí a bhaineann lena leasanna, lena saolta, nó leis an domhan mór.
- Cuir páistí ar an eolas faoin timthriall láimhseála sonraí. Seo a leanas na céimeanna: 1. Fadhb a shainnithint 2. Ceist a chur 3. Sonraí a bhailiú agus a léiriú 4. Anailís a dhéanamh ar na sonraí 5. Tatal a bhaint.
- Is féidir le páistí níos óige tacar sonraí simplí a fhiosrú amhail líon na litreacha ina n-ainmneacha. Spreag na páistí chun machnamh a dhéanamh ar smaointe eile chun líon na litreacha a léiriú.
- Spreag na páistí chun topaicí atá bríoch agus ábhartha dóibh a fhiosrú. Tá réimse d'uirlisí léirshamhlaithe sonraí ag an bPríomh-Oifig Staidrimh lena n-áirítear, *Ainmneacha Linbh*, *An bhfuil Mórán Tóir ar do Lá Breithe*, *Ard-Mhótair* na hÉireann agus réimse de ghrafaicí eolais iontach spéisiúla chun tuilleadh ceisteanna a spreagadh i measc páistí le haghaidh fiosrúcháin.
- Cuir páistí atá i gCéimeanna a 3 agus a 4 ar an eolas faoi uirlisí bailithe sonraí digiteacha.
- Pléigh úsáidí rianairí corpacmhainne. Déan tástáil ar a gcrúineas. Déan machnamh ar a n-úsáideacht. Cad iad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an mbailiú sonraí seo?



### SMAOINTE LASMUIGH DEN SEOMRA RANGA

- Coinnigh cuntas ar an aimsir ar feadh seachtaine. Déan anailís ar an bhfaisnéis a bhailítear chun tuartha aimsire a dhéanamh do na laethanta ina dhiaidh sin. Pléigh cé chomh cruinn agus a bhí na tuartha sin.
- Le linn glantacháin scoile, déan taifead ar na cineálacha bruscair a fuarthas, m.sh., *cannaí deochanna*, *buidéil*, *cumhdaigh bhrioscáin phrátaí*. Eagraigh agus léirigh na sonraí seo chun a thaispeáint do ranganna eile sa scoil an cineál bruscair atá á chaitheamh thart agus réitigh a aimsiú le chéile chun an cineál seo dramhaíola a laghdú sa scoil.
- Iarr ar na páistí sonraí a thairfeadh a fhaightear trí ghníomhaíochtaí laethúla amhail, *an t-am a chaitear ar scáileáin nó líon na ndeochanna súilíneacha a óltar*, srl. Spreag na páistí chun na sonraí seo a léiriú, na torthaí a phlé agus an chaoi a bhféadfadh na sonraí seo roghanna níos sláintiúla a spreagadh. Déan comparáid idir sonraí a thairfeadh ón tseachtain dár gcionn agus pléigh na comparáidí.
- Úsáid gníomhaíocht amhail an léim fhada. Spreag na páistí chun dul ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga chun léim ó bheith i do sheasamh agus déan taifead ar fhad na léime. Déan é seo ceithre huair agus faigh an meánfhad a léimeadh. Spreag na páistí chun machnamh a dhéanamh ar bhealaí chun an fad a léimeadh a fheabhsú.
- Tomhais imlíne roinnt stoc crainn (an speiceas céanna nó speiceas éagsúil) ar thailte na scoile nó sa pháirc áitiúil. Eagraigh agus léirigh na sonraí seo agus bain úsáid astu chun meánimlíne na gcrann a fháil.

